Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**14450/24**

**ELARG 131**
**COEST 554**
**CODEC 1931**
**CADREFIN 148**
**FIN 899**
**ECOFIN 1137**
**BUDGET 60**
**POLGEN 131**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 470 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Teachtaireacht maidir le Plean Fáis na Moldóive |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 470 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 470 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 9.10.2024
COM(2024) 470 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Teachtaireacht maidir le Plean Fáis na Moldóive**

**RÉAMHRÁ**

Tá beartas an Aontais Eorpaigh (AE) um méadú ríthábhachtach fós chun Eoraip shíochánta, chobhsaí, láidir agus aontaithe a chosaint agus a chur chun cinn. Léiríonn cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine arís an gá atá le hinfheistíocht gheostraitéiseach dhiongbháilte sa bheartas sin. Is chun leas polaitiúil, eacnamaíoch agus slándála an Aontais atá ballraíocht iomlán Phoblacht na Moldóive (dá ngairtear an Mholdóiv anseo feasta). Is freagairt dhíreach í ar mhianta Eorpacha mhuintir na Moldóive, ag cuidiú le daonlathas cobhsaí agus rathúil a threisiú, feabhas a chur ar a slí bheatha eacnamaíoch agus shóisialta, agus i ndeireadh na dála, todhchaí níos sábháilte, níos síochánta agus níos rathúla a bhaint amach. Ní mór don Aontas an tacaíocht is gá a thabhairt don Mholdóiv anois chun dlús a chur lena fás eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach agus lena próiseas aontachais, bunaithe ar athchóirithe a bhaineann leis an Aontas, trí Phlean Fáis nua don Mholdóiv.

Cuireadh tús le cóineasú na Moldóive le margadh aonair na hEorpa in 2014 le teacht i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Mholdóiv[1], lena n-áirítear Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála. Tríd an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do Chomhpháirtíocht an Oirthir[2], tá EUR 1.6 billiún d'infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha slógtha ag an Aontas cheana, i gcomhar le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, i dtionscadail shuaitheanta don Mholdóiv. Bhí an Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta ríthábhachtach chun infheistíochtaí a thabhairt chun cinn in earnálacha criticiúla amhail nascacht, éifeachtúlacht fuinnimh, forbairt gnó, agus iomaíochas. Mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus an t-ualach trom eacnamaíoch agus sóisialta atá ar an Moldóiv mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus ar iarrachtaí na Rúise an tír a dhíchobhsú trí fheachtais bhréagaisnéise, chomh maith le comhéigean fuinnimh agus eacnamaíoch,[3] tháinig moill ar an téarnamh. 29 % de mheán an Aontais in 2023 a bhí i gceist le holltáirgeacht intíre (OTI) *per capita* na Moldóive, rud a léiríonn bearna mhór cóineasaithe shocheacnamaíoch leis an Aontas.

I bhfianaise an mhéid dheacair sin, agus ó rinne sí iarratas ar dhul isteach san Aontas i mí an Mhárta 2022, tá athléimneacht léirithe ag an Moldóiv agus tá athchóirithe curtha chun feidhme aici go seasta atá ríthábhachtach chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gconair aontachais. Mar thoradh ar ghealltanais maidir le hathchóiriú, tugadh stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas don Mholdóiv i mí an Mheithimh 2022 agus cuireadh tús leis an gcaibidlíocht aontachais i mí an Mheithimh 2024. De réir an ráta reatha maidir le fás eacnamaíoch agus an ráta mall maidir le cóineasú, cuirfear bac ar an tír dul chun cinn mear a dhéanamh ar a rian AE gan tuilleadh tacaíochta polaitiúla agus eacnamaíche cinntithí.

D'aithin an tAontas a thábhachtaí atá sé tacú le comhpháirtithe na mBalcán Thiar leis an bPlean Fáis nua do na Balcáin Thiar a cuireadh ar aghaidh in 2023.[4] Tá sé d'aidhm ag an bPlean Fáis don Mholdóiv dul i ngleic le dúshláin atá cosúil le dúshláin thíortha na mBalcán Thiar, borradh

[1] An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:22014A0830(01)
[2] SWD(2021) 186 final
[3] An 4 Nollaig 2023, thug an Rúis toirmeasc iomlán isteach ar ghlasraí agus torthaí a allmhairiú ón Moldóiv.
[4] COM(2023) 691 final


a chur faoin gcóineasú socheacnamaíoch leis an Aontas agus tacú leis an bpróiseas aontachais, bunaithe ar athchóirithe a bhaineann leis an Aontas a chur chun feidhme. Cuirfidh Plean Fáis don Mholdóiv spreagadh nua inchomparáide ar fáil do gheilleagar agus do shochaí na Moldóive. Leis an bPlean, atá bunaithe ar thrí cholún, cuirfear dlús le hathchóirithe socheacnamaíocha agus bunúsacha (Colún 1), cuirfear feabhas ar rochtain ar mhargadh aonair na hEorpa (Colún 2) agus méadófar cúnamh airgeadais trí Shaoráid thiomnaithe Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na Moldóive (Colún 3). I dteannta a chéile, cumasófar agus dreasófar leis an bplean agus leis an tsaoráid na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí is gá chun dlús a chur leis an bpróiseas aontachais chomh maith le fás inbhuanaithe agus geilleagar na Moldóive a dhícharbónú chun tairbhe a muintire.

Le Plean Fáis don Mholdóiv, tabharfar aghaidh ar na heasnaimh fholuiteacha struchtúracha a chuireann bac ar acmhainneacht fáis na Moldóive trí iomaíochas na tíre a neartú, tacú le hinfheistíochtaí móra san earnáil phríobháideach agus sa bhonneagar, feabhas a chur ar rialachas eacnamaíoch, a caipiteal sóisialta a fhorbairt, tacú leis an aistriú glas agus digiteach, agus an smacht reachta agus iarrachtaí in aghaidh an éillithe a chur chun cinn. Cuideoidh an Plean leis an Moldóiv geilleagar margaidh oscailte feidhmiúil a fhorbairt a bheidh in ann déileáil leis an mbrú iomaíoch agus le fórsaí an mhargaidh laistigh den Aontas. Leis an ailíniú a bhfuil dlús curtha leis le dlíthe agus caighdeáin an Aontais, éascófar comhtháthú forásach na Moldóive i margadh aonair na hEorpa, lena gcuirfear cuid de na tairbhí a bhaineann le ballraíocht san Aontas ar fáil roimh an aontachas, rud a spreagfaidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus a chruthóidh poist.

## 1. STAID SHOCHEACNAMAÍOCH REATHA NA MOLDÓIVE

Cé go bhfuil bainistiú cumasach déanta ag an rialtas reatha ar na géarchéimeanna forluiteacha, bhí deacrachtaí ag geilleagar na Moldóive le blianta beaga anuas feabhas a chur ar a chóineasú eacnamaíoch leis an Aontas. Shroich OTI *per capita* na tíre 29 % de mheán an Aontais in 2023, taobh thiar d'fhormhór thíortha na mBalcán Thiar. Níl geilleagar na tíre ag téarnamh ach de réir a chéile ó na suaití seachtracha agus ó chúlú eacnamaíoch a tharla le déanaí mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus is measa fós é mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an úsáid atá á baint aici as an bhfuinneamh mar uirlis troda, agus na géarchéimeanna fuinnimh agus dídeanaithe a eascraíonn as sin.[5] Meastar go leanfaidh an téarnamh eacnamaíoch in 2024 agus 2025, cé go dtuartar go mbeidh an fás bliantúil OTI faoi bhun na leibhéal is gá chun cóineasú mear le meán an Aontais a áirithiú.

[5] Tar éis laghdú 8 % ar OTI in 2020, mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus téarnamh láidir 14 % ina dhiaidh sin in 2021, tháinig crapadh 5 % arís ar gheilleagar na Moldóive in 2022, tar éis thús chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Bhí géarchéim fuinnimh sa gheilleagar freisin a bhain lena spleáchas ar ghás na Rúise agus le triomach tromchúiseach a raibh tionchar aige ar na fómhair talmhaíochta, rud atá ríthábhachtach d'fheidhmíocht eacnamaíoch na Moldóive. Tháinig geilleagar na Moldóive isteach i gcéim téarnaimh de réir a chéile, cé go raibh sé mall, agus shroich fíorfhás OTI 0.7 % do 2023.




Foinse: Eurostat agus an Banc Domhanda
* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

Tá geilleagar na Moldóive thíos freisin le blianta tearcinfheistíochta agus tá an t-éagsúlú eacnamaíoch fós íseal. Is éard atá in onnmhairí na tíre den chuid is mó táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha a bhfuil breisluach íseal ag baint leo, amhail gránaigh agus olashíolta, trealamh leictreach, agus teicstílí. In éagmais lucht saothair cáilithe, táirgiúlacht íseal, agus ceann de na rátaí eisimirce is airde san Eoraip, bíonn an Mholdóiv ag streachailt an caipiteal daonna oilte is gá a choinneáil chun a geilleagar a fhás. Tá infheistíochtaí poiblí fós teoranta mar chéatadán de OTI, rud a laghdaíonn a chumas bonneagar ríthábhachtach fuinnimh, digiteach agus iompair a uasghrádú. Mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, cuireadh leis na deacrachtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí díreacha coigríche (IDC) a mhealladh. Is ualach fioscach ar an ngeilleagar iad sócmhainní fiontar atá faoi úinéireacht an stáit, is é sin thart ar an gcúigiú cuid d'OTI na Moldóive, agus cuireann siad le heaspa iomaíochta sa mhargadh agus le neamhéifeachtúlachtaí.

Chomh maith le timpeallacht ghnó atá lag go ginearálta agus spleáchas ar allmhairí fuinnimh, is bacainní móra iad na baic sin ar chumas na Moldóive na deiseanna a chuirtear ar fáil le Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála a bhaint amach go suntasach san Aontas. Tá flúirse acmhainneachta neamhshaothraithe sa Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, rud a chuireann iallach ar an Moldóiv ní hamháin an méid onnmhairí a mhéadú ach an

breisluach a mhéadú freisin ina honnmhairí uile sna hearnálacha talmhaíochta, monaraíochta, faisnéise, teicneolaíochtaí cumarsáide agus in earnálacha seirbhísí eile.

D'fhéadfadh straitéis uaillmhianach athchóirithe agus infheistíochta a bheith ina spreagadh chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

## 2. AN PLEAN FÁIS DON MHOLDÓIV AGUS NA PRÍOMHCHOLÚIN LENA MBAINEANN

De réir mar a thagann an Mholdóiv chuici féin tar éis na suaití seachtracha a bhí ann le déanaí, is gá tacaíocht shubstaintiúil a thabhairt don tír chun leas a bhaint as a deiseanna eacnamaíocha, dlús a chur leis an gcóineasú, agus fás eacnamaíoch cuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn dá saoránaigh. Chun dul chun cinn tráthúil a áirithiú, beidh an Plean Fáis don Mholdóiv atá beartaithe – amhail an plean don Úcráin agus do na Balcáin Thiar – dírithe ar thrí cholún:

1) ***Dlús a chur le hathchóirithe socheacnamaíocha agus bunúsacha***[6]*,* trí thacaíocht a thabhairt do Chlár Oibre Athchóirithe tiomnaithe atá idirnasctha go dlúth le próiseas aontachais na Moldóive leis an Aontas Eorpach.

2) ***Feabhas a chur ar rochtain ar mhargadh aonair na hEorpa,*** bunaithe ar na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála agus ar rannpháirtíocht i gcláir agus i mbeartais an Aontais, faoi réir ailíniú na Moldóive le rialacha ábhartha mhargadh aonair na hEorpa.

3) ***Cúnamh airgeadais a mhéadú*** chun tacú le hathchóirithe socheacnamaíocha agus bunúsacha a chur chun feidhme, agus rannchuidiú le hinfheistíochtaí a spreagadh, trí Shaoráid thiomnaithe Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na Moldóive ina mbeidh eisíocaíochtaí ag brath ar dhul chun cinn an athchóirithe.

Tríd an bpróiseas athchóirithe a threisiú agus a fhorbairt go frithpháirteach i gcomhréir leis an gComhaontú Comhlachais/Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála agus le torthaí an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta, tugtar leis na trí cholún sin aghaidh ar na fadhbanna foluiteacha struchtúracha lena gcuirtear bac ar an tír maidir lena conair fáis agus d'fhéadfaidís cuidiú leis an Moldóiv a geilleagar a mhéadú faoi dhó sna deich mbliana amach romhainn. I gcomhréir leis an modheolaíocht um méadú[7] atá ann cheana, cuirfidh sé dlús freisin le glacadh agus le cur chun feidhme an *acquis* agus soláthróidh sé tairbhí socheacnamaíocha a bhaineann le comhtháthú roimh aontachas leis an Aontas. Maidir leis sin, athchóirithe bunúsacha, lena n-áirítear athchóirithe chun an smacht reachta agus cearta bunúsacha a neartú, tá na hathchóirithe sin riachtanach chun leas a bhaint as tairbhí an chomhtháthaithe agus chun timpeallacht fhabhrach a chruthú chun infheistíochtaí príobháideacha a mhealladh agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe a ghiniúint agus astaíochtaí á laghdú.

---

[6] Áirítear an méid seo a leanas i gcnuasach na mbunphrionsabal: caibidil 23 – Na breithiúna agus cearta bunúsacha, caibidil 24 – Ceartas, Saoirse agus Slándáil, na critéir eacnamaíocha, feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, athchóiriú ar riarachán poiblí, caibidil 5 – Soláthar poiblí, caibidil 18 – Staidreamh agus caibidil 32 – Rialú airgeadais.

[7] COM(2020) 57 final

***Colún 1: Dlús a chur le hathchóirithe socheacnamaíocha agus bunúsacha, trí Chlár Oibre Athchóirithe tiomnaithe***

Chun dlús a chur le cóineasú socheacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach na Moldóive leis an Aontas roimh an aontachas, beidh an Plean Fáis don Mholdóiv dírithe ar Chlár Oibre Athchóirithe. Cuideoidh an Clár Oibre Athchóirithe le tionscnaimh uaillmhianacha athchóirithe na Moldóive a struchtúrú agus a dhaingniú, lena ndreasófar a gcur chun feidhme agus lena gcumasófar infheistíochtaí a ghabhann leo. Beidh sé bunaithe ar a straitéis forbartha náisiúnta[8], an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch 2030, straitéisí earnála náisiúnta, Clár Oibre Comhlachais AE-an Mholdóiv don tréimhse 2021-2027, moltaí atá ann cheana ó na pacáistí bliantúla um méadú, conclúidí ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais, agus an Clár Athchóirithe Eacnamaíoch chomh maith le Plean Gníomhaíochta Tosaíochta 2023-2024[9]. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach an Clár Oibre Athchóirithe a d'fhorbair an Mholdóiv a mheasúnú agus a fhormheas.

Leagfar amach sa Chlár Oibre Athchóirithe athchóirithe tosaíochta le haghaidh forbairt shocheacnamaíoch, ag tógáil ar **phríomhspreagthaí fáis eacnamaíoch:** iomaíochas eacnamaíoch; athléimneacht eacnamaíoch, lena n-áirítear bonneagar agus fuinneamh; rialachas eacnamaíoch; caipiteal sóisialta; mar aon leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach.

Chun **iomaíochas eacnamaíoch** a chur chun cinn, beidh gníomhaíochtaí sa Chlár Oibre Athchóirithe lena gcuirfear feabhas ar an timpeallacht ghnó agus tacaíocht do FBManna, lena n-áirítear ó thaobh na rialála de; an beartas tionsclaíoch nua a chur chun feidhme; agus onnmhairí agus infheistíochtaí a chur chun cinn chun cuidiú le cuideachtaí áitiúla a chomhtháthú i slabhraí luacha domhanda. Chun an **athléimneacht eacnamaíoch** a neartú, beidh gá le hathchóirithe struchtúracha chun bearna nascachta na Moldóive a dhúnadh, go háirithe trí bheartais iompair, fuinnimh agus dhigiteacha a ailíniú, agus infheistíochtaí i bhfad níos airde a áirithiú sna príomhearnálacha sin. Ina theannta sin, beidh gá le feabhsuithe ar **rialachas eacnamaíoch**, lena n-áirítear trí bhainistíocht airgeadais phoiblí a neartú trí chórais iniúchóireachta agus rialaithe, aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí fiontar atá faoi úinéireacht an stáit, agus trína gceannasacht in earnálacha táirgiúla a laghdú.

A mhéid a bhaineann le **caipiteal sóisialta,** beidh gá le bearta chun tacú le hathchóirithe sna réimsí oideachais, scileanna, fostaíochta cuimsithí agus deiseanna sa mhargadh saothair agus aird ar leith á tabhairt ar an óige, ar chomhionannas inscne agus ar chumhachtú eacnamaíoch na mban, ar chosaint shóisialta agus ar shláinte.

Ar deireadh, i gcomhréir le tiomantas na Moldóive aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, cuideoidh an **t-aistriú glas** mar thosaíocht chothrománach leis an Moldóiv a geilleagar agus a bonneagar a dhícharbónú agus srian a chur leis an gcomhshaol a dhíghrádú agus a thruailliú. Tabharfaidh sí aghaidh ar tháirgiúlacht acmhainní agus ar an ngeilleagar ciorclach, ar an mbithéagsúlacht, ar an gcomhshaol ísealcharbóin agus ar institiúidí comhshaoil a neartú.

---

[8] LP315/2022 (legis.md)

[9] Plean Gníomhaíochta Tosaíochta maidir le cur chun feidhme feabhsaithe chomhpháirt an Limistéir Dhomhain Chuimsithigh Saorthrádála den Chomhaontú Comhlachais idir Poblacht na Moldóive agus an tAontas Eorpach in 2023-2024: Caidreamh trádála an Aontais leis an Moldóiv (europa.eu)

Leagfar amach sa Chlár Oibre Athchóirithe príomh-athchóirithe **i mbunphrionsabail uile** phróiseas aontachais an Aontais mar gheall ar a gcineál trasearnálach, a lárnaí atá siad don phróiseas aontachais agus a thábhachtaí atá siad do gheilleagar rathúil agus do thimpeallacht ghnó shláintiúil agus do mhuinín na n-infheisteoirí. Neartófar leis na hathchóirithe an smacht reachta, an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, chomh maith le bainistíocht gnóthaí baile, lena n-áirítear ailíniú víosaí leis an Aontas. Thairis sin, déanfar le hathchóirithe cearta bunúsacha a chosaint, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, agus cuirfear feabhas ar an athchóiriú ar riarachán poiblí na Moldóive.

Leagfar síos le cur chun feidhme rathúil an **Chláir Oibre Athchóirithe** luas le haghaidh chur chun feidhme an Phlean Fáis don Mholdóiv: beidh eisíocaíochtaí chistiú an Aontais faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfar agus rannchuideofar leo le dlús a chur le luas na caibidlíochta aontachais.

***Colún 2: Feabhas a chur ar rochtain ar mhargadh aonair na hEorpa le haghaidh na Moldóive***

Is ceann de phríomhbhunús an Phlean Fáis é níos mó deiseanna a sholáthar don tír chun naisc níos doimhne le margadh aonair na hEorpa a bhaint amach. Neartófar leis de réir a chéile acmhainneacht na Moldóive déileáil le brú margaidh iomaíoch, agus cuirfear rochtain ar an margadh ar fáil d’earraí agus do sheirbhísí ar luach níos airde sna hearnálacha uile atá dírithe ar onnmhairiú, rud a spreagfaidh fás inbhuanaithe cuimsitheach agus a chruthóidh poist. Is é is aidhm dó cothrom iomaíochta a chruthú d’onnmhaireoirí na Moldóive agus an Aontais trí noirm agus caighdeáin an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le táirgí na Moldóive.

Moltar sa Phlean Fáis gníomhaíochtaí spriocdhírithe i gcúig réimse tosaíochta inar féidir leis an Moldóiv bearta a dhéanamh láithreach chun tairbhí an mhargaidh aonair a mhéadú: (i) saorghluaiseacht earraí agus comhtháthú i slabhraí soláthair; (ii) nasc trádála agus iompair a éascú; (iii) comhtháthú i margadh fuinnimh an Aontais; (iv) comhtháthú sa Mhargadh Digiteach; agus (v) rochtain ar an Limistéar Aonair d’Íocaíochtaí Euro (SEPA).

**Díreofar le gníomhaíochtaí láithreacha ar shaorghluaiseacht earraí,** arb é is aidhm dóibh caighdeánú, deimhniú, measúnú comhréireachta agus faireachas margaidh, rud a chuideoidh le honnmhairí na Moldóive chuig an margadh aonair a mhéadú. De réir mar a bhainfidh an tír an leibhéal ullmhachta is gá amach, beidh deis ann le haghaidh rochtain bhreise. Is féidir próisis trasnaithe teorainneacha, lena n-áirítear custaim, a éascú agus feabhas a chur ar shlándáil fhoriomlán an tslabhra soláthair, tríd an Moldóiv a bheith ag aontú don Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach agus trí leas a bhaint as an gCóras um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) i **naisc trádála agus iompair.** Ina theannta sin, déanfar iniúchadh ar nósanna imeachta teorann a chuíchóiriú chun feabhas a chur ar shreafaí trádála. Le rochtain na Moldóive ar an **Limistéar Aonair d’Íocaíochtaí Euro**(SEPA), faoi réir chomhlíonadh na gcritéar is gá agus cinneadh ón gComhairle Eorpach um Íocaíochtaí, spreagfar trádáil agus infheistíochtaí trasteorann. Ag féachaint chun cinn ar an Margadh Aonair Digiteach a chomhtháthú, tacófar le deiseanna chun dul isteach i limistéar fánaíochta an

Aontais, chomh maith le comhlachas le **tionscnaimh shuaitheanta an Aontais**, lena n-áirítear Tiachóg na Céannachta Digití ón Aontas agus Cúltaca Cibearshlándála an Aontais.

Áirítear sna réimsí comhair eile féideartha **táirgí íocshláinte criticiúla, ríomhthráchtáil agus aitheantas scileanna**. Trí rochtain ar an gComhaontas um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla, d'fhéadfadh an Mholdóiv comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt chun soláthar táirgí íocshláinte criticiúla a áirithiú. D'fhéadfaí seirbhísí a bhaineann le ríomhthráchtáil, lena n-áirítear seachadadh beartán agus seirbhísí turasóireachta, a fhorbairt. Le comhar i réimse na scileanna agus aitheantas do cháilíochtaí, thacófaí le rochtain níos fearr do shaoránaigh na Moldóive ar mhargadh saothair an Aontais (féach Iarscríbhinn).

Tá dlúthchaidreamh trádála ag an Moldóiv cheana lena comharsana san Aontas, agus tháinig méadú faoi dhó air le deich mbliana anuas. Ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar thuilleadh deiseanna chun tacú leis an méadú ar mhéid agus ar bhreisluach, agus leis na gnóthachain a d'fhéadfadh a bheith ann don Mholdóiv, lena n-áirítear an caidreamh trádála leis an Úcráin a neartú. Tacaítear freisin le rochtain fheabhsaithe na Moldóive ar mhargadh aonair na hEorpa trína rannpháirtíocht i Limistéar Saorthrádála Lár na hEorpa[10]. Sa chomhthéacs sin, tá coinne leis go leanfaidh an Mholdóiv de bheith ag tacú le hobair na heagraíochta réigiúnaí sin go cuiditheach. Tabharfar tuilleadh cúnaimh chun feabhas a chur ar a beartais forbartha réigiúnaí agus ar a speisialú cliste, agus comhar idir-réigiúnach san Aontas á chur san áireamh, lena n-áirítear i Réigiúin na Danóibe agus na Mara Duibhe.[11]

***Colún 3: Cúnamh airgeadais a mhéadú chun tacú le hathchóirithe socheacnamaíocha agus bunúsacha agus infheistíochtaí a mhealladh***

Bhí ról lárnach ag an Aontas maidir leis an gcúnamh airgeadais is gá a sholáthar chun athléimneacht na Moldóive a neartú le blianta beaga anuas agus chuir sé tacaíocht spriocdhírithe ar fáil. Ó bhí 2021 ann, d'athdhearbhaigh an tAontas go láidir a thacaíocht don Mholdóiv agus a dhlúthpháirtíocht léi trí EUR 2.2 billiún d'iasachtaí agus de thacaíocht neamh-inaisíoctha a chur ar fáil. Faoi láthair, tairbhíonn an Mholdóiv de thacaíocht ón Aontas faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI). Cuireadh cistiú ar fáil trí chineálacha éagsúla tacaíochta, amhail tacaíocht bhuiséadach dhíreach, cúnamh macrairgeadais, rannpháirtíocht i gcláir an Aontais, agus tionscadail le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais a ráthaítear le buiséad an Aontais.

I bhfianaise chonair aontachais na tíre, is é is aidhm don tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na Moldóive (an tSaoráid) **tacaíocht airgeadais mhéadaithe** a sholáthar chun an Clár Oibre Athchóirithe cuimsitheach a chur chun feidhme. Tabharfar leis na hinfheistíochtaí cúnamh don Mholdóiv a hacmhainneacht iomlán a bhaint amach ó thaobh forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus shóisialta de i gcomparáid le Ballstáit den Aontas, rud a chuirfidh feabhas ar chaighdeáin mhaireachtála agus dlús le haontachas na Moldóive.

---

[10] Le Comhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa (CEFTA) 2006, tugtar le chéile tíortha na mBalcán Thiar agus an Mholdóiv i limistéar trádála réigiúnach arb é is aidhm dó trádáil earraí agus seirbhísí laistigh den réigiún a léirscaoileadh. Rinneadh obair CEFTA a chuimsiú i bplean gníomhaíochta an Chómhargaidh Réigiúnaigh in 2020.

[11] Go háirithe trí Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na Danóibe agus tríd an gComhchlár Oibre Muirí don Mhuir Dhubh

Leis an tSaoráid, a chuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar leithligh mar thogra reachtach, eisíocfar tacaíocht suas le EUR 1.8 billiún agus tá sí múnlaithe go dlúth ar an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar.[12] Maoineofar í ón EUR 420 milliún de leithdháiltí déthaobhacha atá beartaithe don Mholdóiv faoi ICFCI agus cumhdóidh sí an tréimhse 2025-2027. Úsáidfear cuid den mhéid sin chun **iasachtaí** a shlógadh, a eisíoctar go díreach le buiséad náisiúnta na Moldóive, chun dlús a chur leis na hathchóirithe a shonraítear sa Chlár Oibre Athchóirithe agus chun na hinfheistíochtaí is gá a chumasú. Ardleibhéal lamháltais a bheidh i gceist leis na hiasachtaí sin, ag a mbeidh am aisíocaíochta fada agus rátaí úis buntáisteacha. Leanfar de thacaíocht airgeadais **neamh-inaisíoctha** a sholáthar ón imchlúdach déthaobhach, lena n-áirítear cúnamh teicniúil a bheidh ag gabháil le cur chun feidhme thosaíochtaí an Phlean Fáis agus tacaíocht a thabhairt don tsochaí shibhialta. Tairbheoidh an Mholdóiv de thionscnaimh réigiúnacha agus de bheith rannpháirteach i gcláir an Aontais.

Beidh eisíocaíochtaí faoin tSaoráid ag brath ar chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí sonracha arna sainaithint sa Chlár Oibre Athchóirithe, ar eisíocaíochtaí iad a bheidh ina gcoinníollacha íocaíochta, i.e. nuair a bhainfear amach iad, spreagfaidh siad cistí faoin tSaoráid nua Athchóirithe agus Fáis a scaoileadh de réir amlíne réamhchinntithe.

Tríd an tacaíocht airgeadais mhéadaithe faoi Cholún 3 agus faoin gClár Oibre Athchóirithe faoi Cholún 1 a nascadh le deiseanna a chuirtear ar fáil le Colún 2 (rochtain ar mhargadh aonair na hEorpa), tacóidh an Plean Fáis le cóineasú socheacnamaíoch na Moldóive leis an Aontas, chomh maith lena próiseas aontachais trí dhlús a chur le hailíniú le luachanna, dlíthe agus caighdeáin an Aontais.

Meastar go slógfar leis an tSaoráid thart ar EUR 2.5 billiún d'infheistíochtaí nua ó institiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus ón earnáil phríobháideach. Beidh an méadú substaintiúil sin ar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach fite fuaite leis an gClár Oibre Athchóirithe a chur chun feidhme chun an bonneagar fuinnimh, iompair agus nascachta digití is gá a chur ar fáil chun rath a bheith ar ghnólachtaí agus ar thrádáil. Déanfar leis an tSaoráid infheistíochtaí a ghiaráil freisin chun tacú leis an Moldóiv ar a conair i dtreo an dícharbónaithe. Beidh **Ardán Infheistíochta an Bheartais Comharsanachta**[13]ar an bpríomhmheán chun na hinfheistíochtaí sin a chur chun feidhme. Cuirfidh sé leis an obair a rinneadh cheana tríd an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta don Mholdóiv[14], a bhí chun cinn maidir le hinfheistíochtaí in earnálacha criticiúla amhail nascacht, éifeachtúlacht fuinnimh, forbairt gnó agus iomaíochas.

Beidh an Plean Fáis, ina ndírítear ar an gClár Oibre Athchóirithe agus ar infheistíochtaí ailínithe, ina chreat straitéiseach láidir agus d'fhéadfadh sé tacú le hiarrachtaí na Moldóive

---

[12] Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú

[13] Is sásra é Ardán Infheistíochta an Bheartais Comharsanachta arb é is aidhm dó cistiú breise a shlógadh chun tionscadail bhonneagair i gComharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt de chuid an Aontais a mhaoiniú. Comhthiomsaítear leis deontais ón Aontas agus óna Bhallstáit agus úsáidtear iad chun iasachtaí ó Institiúidí Airgeadais Eorpacha agus ranníocaíochtaí ó thíortha comhpháirtíochta féin a ghiaráil.

[14] Tá EUR 1.6 billiún slógtha cheana ag an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta in infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha, lena léirítear a éifeachtacht maidir le hacmhainní a mhealladh agus athléimneacht eacnamaíoch a threisiú.

maidir le comhordú deontóirí go háirithe i gcomhthéacs Ardán Comhpháirtíochta na Moldóive ina dtugtar le chéile Ballstáit den Aontas, tíortha G7, comhpháirtithe idirnáisiúnta agus comhpháirtithe atá ar aon intinn léi.

## CONCLÚID

Tá an Mholdóiv rannpháirteach i gconair aontachais an Aontais. I bhfianaise thionchar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus chogaíocht hibrideach na Rúise in aghaidh na Moldóive, tá dúshláin mhóra fós le sárú aici maidir lena fás eacnamaíoch a athbheochan agus athchóirithe socheacnamaíocha a chur chun cinn ar luas leormhaith. Mar obair leantach ar an bPlean Fáis do na Balcáin Thiar, is síneadh tráthúil é an Plean Fáis don Mholdóiv mar chuid de thairiscint an Aontais cuidiú leis an Moldóiv borradh a chur faoina peirspictíochtaí maidir le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus dlús a chur leis na hathchóirithe bunúsacha is gá chun an bhearna chóineasaithe eacnamaíoch a laghdú.

Trína thrí cholún idirnasctha, tacóidh an Plean le **comhtháthú na Moldóive san Aontas agus ina mhargadh aonair.** Tá sé d’aidhm aige dúshláin struchtúracha a shárú, athchóirithe bunúsacha ar an smacht reachta agus an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe a chur chun cinn. Dúnfar leis an bPlean bearnaí tábhachtacha infheistíochta sa bhonneagar agus i ngnólachtaí, cuirfear an t-aistriú glas agus digiteach chun cinn agus méadófar táirgiúlacht trí dhíriú ar phríomhearnálacha a bhfuil acmhainneacht fáis mhór acu. I ndeireadh na dála, tabharfaidh sé sin deis do gheilleagar na Moldóive méadú faoi dhó sna deich mbliana amach romhainn agus infheistíochtaí caipitil nua a mhealladh. Cuideoidh sé le cruthú 5 000 gnólacht nua a éascú agus cuideoidh sé le 100 000 saoránach de chuid na Moldóive post a fháil.

Chun tairbhiú den Phlean Fáis, ní mór don Mholdóiv athchóirithe a chur chun feidhme agus **cur chuige cuimsitheach a áirithiú a mbeidh gach cuid den tsochaí páirteach ann.** Ba cheart, dá réir sin, ailíniú níos tapúla le dlíthe agus caighdeáin an Aontais a bheith mar thoradh air sin, chomh maith le hathchóirithe i réimsí bunúsacha an phróisis um méadú. Beidh gá le sásra láidir ag a bhfuil comhordú láidir idirinstitiúideach laistigh den tír chun cur chun feidhme éifeachtach a bhaint amach.

Beidh an Plean Fáis ina threochlár straitéiseach don infheistíocht sna blianta amach romhainn agus soláthrófar leis ardán chun deontóirí a chomhordú ar bhealach níos fearr, nó chun tacaíocht leathan spriocdhírithe a dhaingniú le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí fíor-riachtanacha.

Trí gheilleagar láidir athléimneach a chothú, beidh tairbhí nithiúla ag baint le Plean Fáis don Mholdóiv le haghaidh gach saoránach agus leagfar an bonn do thodhchaí inbhuanaithe, rathúil agus síochánta na Moldóive, rud a léireoidh a huaillmhian dlús a chur le comhtháthú leis an Aontas.